



An Bhruiséil, 6 Nollaig 2021
(OR. en)

**Comhad Idirinstitiúideach:
2021/0050(COD)**

**14317/21
ADD 2**

**SOC 687
EMPL 517
GENDER 122
ANTIDISCRIM 104
CODEC 1536
IA 187**

NÓTA

ó: Ardrúnaíocht na Comhairle

chuig: Na Toscaireachtaí

Uimh. an doic. ón gCoim.: 6750/21 - COM(2021) 93 final

Ábhar: Togra le haghaidh TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS
ÓN gCOMHAIRLE chun cur i bhfeidhm phrionsabal an phá chomhionann
ar obair chomhionann nó obair ar comhionann a luach idir fir agus mná a
neartú trí shásraí trédhearcachta pá agus forfheidhmithe

- Cur chuige ginearálta
- Ráiteas ón Ungáir

Gheobhaidh na toscaireachtaí san Iarscríbhinn atá i gceangal leis seo ráiteas ón Ungáir maidir leis
an Treoir thuasluaite, atá le cur isteach i miontuairiscí na Comhairle

RÁITEAS ÓN UNGÁIR

Aontaíonn an Ungáir gur cheart tacú leis an gcóir chomhionann san fhostaíocht le dreasachtaí darb aidhm deireadh a chur le bacainní ar rannpháirtíocht na mban sa mhargadh saothair, lena n-áirítear deireadh a chur le haon bhearna phá idirdhealaitheach idir fir agus mná, agus trí shásraí forfheidhmithe éifeachtacha na reachtaíochta náisiúnta ábhartha a áirithiú.

Cuireann an Ungáir i dtábhacht go dtacaíonn sí go hiomlán le bunchuspóir na Treorach atá beartaithe.

Tá an Ungáir tiomanta do dhálaí oibre neamh-idirdhealaitheacha a áirithiú lena dtugtar cosaint do gach oibrí, agus chuige sin, molaimid d'fhostóirí freisin bearta a ghlacadh ar gach leibhéal chun deireadh a chur leis an mbearna phá idir mná agus fir agus chun cleachtas an phá comhionann ar obair chomhionann nó obair ar comhionann a luach idir fir agus mná a neartú.

Is mór ag an Ungáir iarrachtaí na hUachtaránachta teacht ar chomhaontú maidir leis an togra le haghaidh Treorach chun cur i bhfeidhm phrionsabal an phá chomhionann ar obair chomhionann nó obair ar comhionann a luach, idir fir agus mná a neartú trí shásraí trédhearcachta pá agus forfheidhmithe.

Mar sin féin, in ainneoin na bhfeabhsuithe a tugadh isteach le linn na caibidlíochta, ba cheart na saincheisteanna bunúsacha coincheapúla agus líon mór forálacha sa togra reatha – go háirithe iad siúd a bhaineann le cosaint sonraí – a phlé agus a shoiléiriú a thuilleadh ar an leibhéal teicniúil sa Chomhairle.

Maidir leis an Treoir atá beartaithe, is mian leis an Ungáir a cinneadh críochnaitheach a dhéanamh tar éis an chaibidlíocht idirinstiúideach a thabhairt i gcrích agus tar éis di a mheas an bhfuil na prionsabail maidir leis an gcomhréireacht, le soiléireacht na gcaighdeán, le cosaint sonraí, le seachaint an ualaigh iomarcaigh riaracháin agus airgeadais mar aon leis an urraim d'inniúlachtaí náisiúnta na mBallstát á gcomhlíonadh go hiomchuí.